

Clár na dToghthóirí

Tá sé níos éasca ar líne!

Is ar líne an bealach is éasca duit clárú chun vótáil nó chun do chuid sonraí a nuashonrú.



Iarratas ó thríú páirtí
chun an clár a leasú

www.seiceailanclár.ie

Bain úsáid as an bhfoirm seo má tá forais réasúnacha agat chun a chreidiúint go bhfuil taifead sa chlár faoi dhuine eile míchruinn. Déanfaidh an t-údarás áitiúil d'iarratas a mheas agus cinnífidh sé cad ba cheart a dhéanamh, más ann dó.

Líon an fhoirm seo amach le do thoil i mBLOCLITREACHA

1 Do sonraí

Céadainm

Sloinne

Uimhir fóin

Seoladh baile

Éirchód

2 Sonraí a bhaineann le d'iarratas

Bain úsáid as an gcuid seo chun sonraí a sholáthar maidir le d'iarratas. Mar shampla, má tá tú ag cur in iúl don údarás áitiúil faoi dhuine a fuair bás, is féidir leat a (h)ainm agus a s(h)eoladh a chur san áireamh. Más eol duit a dháta breithe nó UPSP, má chuireann tú ar an eolas é, ligfidh sé don údarás áitiúil na sonraí a dheimhniú leis an Ard-Chláráitheoir.

Ainm an duine
(más iomchuí)

Seoladh
(más iomchuí)

Éirchód

An chúis leis an iarratas agus aon fhaisnéis ábhartha eile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón údarás áitiúil.

3 Síniugh anseo:

Creidim chomh fada agus is eol dom go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha agam:

- > fíor, agus
- > iomlán.

Tuigim gur coir dhlíthiúil é faoin dlí toghcháin faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach d'údarás áitiúil.

Síniú

Dáta

An fhoirm seo agus cathain ba cheart duit í a úsáid

Déanann údarás áitiúla (Comhairlí Cathrach, Contae nó Cathrach agus Contae) an clár a chothabháil agus a bhainistiú trí mhionsonraí a chur leis, a bhaint de nó a nuashonrú bunaithe ar fhaisnéis a fhaigheann siad.

Ligeann an fhoirm seo duit iarratas a chur isteach chuig d'údarás áitiúil ar leasú a dhéanamh ar iontráil ar an gclár nach d'iontráil féin é. D'fhéadfadh go n-áireofaí iad seo a leanas leis:

- › go gcuireann tú in iúl don údarás áitiúil go bhfuil duine a bhfuil aithne agat air tar éis bháis;
- › ionadaí áitiúil a thugann fógra don údarás áitiúil faoi dhaoine nua sa cheantar atá incháilithe chun clárú ionas gur féidir leis an údarás áitiúil faisnéis agus foirmeacha ábhartha a sheoladh amach. Ní chuirfear aon duine leis an gclár gan a dtoiliú;
- › duine a mheasann iontráil a bheith mícheart nó míchruinn (mar shampla, logainm nó ainm sráide).

Cuirfidh an t-údarás áitiúil iarratais ar leasuithe a bhfuair sé an mhí roimhe sin ar fáil le haghaidh iniúchta. Déanann sé é seo ionas go mbeidh an próiseas trédhearcach.

Agus é seo á dhéanamh acu féadfaidh siad:

- › iarraidh ar aon duine aon fhaisnéis atá acu a sholáthar a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón údarás áitiúil;
- › fiosrúcháin a dhéanamh ó theach go teach;
- › cuireadh a thabhairt do dhaoine a gcuid sonraí a sheiceáil nó a nuashonrú; nó
- › eolas a fháil ón Ard-Chláraitheoir, do dhaoine a fuair bás.

Déanfaidh d'údarás áitiúil cinneadh laistigh de 4 seachtaine ar aon ghníomh a bheartaíonn sé a dhéanamh. Cuirfear an cinneadh molta in iúl d'aon duine a ndéanfaidh an cinneadh difear dóibh agus, mura n-aontaíonn siad leis beidh siad in ann achomharc a dhéanamh i gcoinne an chinnidh chuig an gcláraitheoir contae.

Iarratas chun duine a chur ar an gclár toghthóirí

Más iarratas chun duine nó daoine a chur leis an gclár, féadfaidh an t-údarás áitiúil foirmeacha agus faisnéis a sholáthar chun tacú le hiarratais den sórt sin. Ní chuirfear aon duine ar an gclár gan an fhoirm a bheith comhlánaithe acu féin (ar líne nó ar pháipéar).

Cad a tharlaíonn nuair a chuirim éileamh isteach?

Déanfaidh an t-údarás áitiúil d'iarratas a mheas agus gníomhóidh sé más gá.

Áireofar leis seo aon duine a bhféadfadh an t-iarratas tionchar a bheith aige air a chur ar an eolas agus aon fhiosrúchán a dhéanamh a mheasann sé a bheith cuí chun an t-iarratas a bhreithniú.

Cén áit le d'fhoirm a sheoladh

Seol d'fhoirm mar aon le haon fhaisnéis eile a theastaíonn chuig d'údarás áitiúil. Ar an gclúdach litreach, scríobh 'Clár Toghthóirí' agus seoladh baile an údarás áitiúil iomchuí. Is féidir leat é a chur sa phost le stampa caighdeánach.

Is féidir leat seoladh d'údarás áitiúil a chuardach ar líne nó fiafraí ar d'Ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil.